Coimisiún na Meán

# Nóta Eolais maidir leis an gcinneadh stádas mar Chomharthóir Iontaofa a bhronnadh ar Irish Music Rights Organisation de bhun Airteagal 22 den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha

Dáta foilsithe:
Meitheamh 2026

Poiblí

# Clár Ábhar


| | |
|---|---|
| Réamhrá | 3 |
| Príomheolas faoin Iarratasóir | 3 |
| Measúnú ar an iarratas | 4 |
| Saineolas agus inniúlacht | 4 |
| Neamhspleáchas | 4 |
| Díograiseach, Cruinn, Neamhchlaonta | 5 |

# Réamhrá

An 28 Bealtaine 2026, bhronn Coimisiún na Meán stádas mar Chomharthóir Iontaofa ar Irish Music Rights Organisation, de bhun Airteagal 22 den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha (**DSA**). Soláthraíonn an páipéar seo eolas ardleibhéil faoi phríomhghnéithe an iarratais agus an fhianaise a mheas an Coimisiún le linn an phróisis measúnaithe chun teacht ar a chinneadh.

Faoin DSA, is ainmniúchán dlíthiúil é an stádas mar “Chomharthóir Iontaofa” is féidir a bhronnadh ar eintitis shonracha, amhail carthanachtaí, comhlachais tionscail, nó comhlachtaí poiblí, a n-aithnítear iad as a saineolas maidir le hábhar mídhleathach ar líne a bhrath. Ní thugtar aon chumhacht dhlíthiúil speisialta d’eintitis a mbronntar an stádas seo orthu chun baint an ábhair a ordú nó a chur i bhfeidhm, agus ní thagann athrú ar na caighdeáin dhlíthiúla a bhaineann leis an méid a mheastar a bheith mídhleathach. Ceanglaítear le hAirteagal 22 de DSA ar ardáin ar líne tabhairt faoi na bearta teicniúla agus eagraíochtúla riachtanacha lena chinntiú go dtugtar tús áite do na fógraí maidir le hábhar mídhleathach a chuireann Comharthóirí Iontaofa isteach, ag gníomhú dóibh laistigh dá réimse ainmnithe saineolais, agus go ndéantar iad a phróiseáil gan moill mhíchuí. Mar sin féin, ní thagann athrú ar phríomh-mheasúnú dlíthiúil an ábhair ar cuireadh bratach leis.

De bhun Airteagal 22, tá sé de chumhacht ag Coimisiún na Meán, mar Chomhordaitheoir na Seirbhísí Digiteacha in Éirinn, stádas mar Chomharthóir Iontaofa a bhronnadh ar eintitis a shásaíonn na coinníollacha a leanas:

a. tá saineolas agus inniúlacht shonrach aige chun críocha inneachar neamhdhleathach a aimsiú, a shainaithint agus a chur in iúl;
b. tá sé neamhspleách ar aon soláthraí ardán ar líne;
c. tugann sé faoina ghníomhaíochtaí chun críocha fógraí a chur isteach go díograiseach, go beacht agus go hoibiachtúil.

Is féidir teacht ar níos mó faisnéise maidir le ról an Chomharthóra Iontaofa agus oibleagáidí ardán ar líne i ndáil le fógraí a eisíonn Comharthóirí Iontaofa in [Airteagal 22 de DSA] agus sa [Doiciméad Ceisteanna Coitianta] a foilsíodh ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

# Príomheolas faoin Iarratasóir

Chuir Irish Music Rights Organisation (“IMRO” nó “an tIarratasóir”) iarratas isteach ar stádas mar Chomharthóir Iontaofa faoi Airteagal 22 den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha (DSA) i mí Dheireadh Fómhair 2024. Is comhlacht neamhbhrabúis príobháideach é IMRO atá cláraithe in Éirinn, a dhéanann ionadaíocht do bhreis is 25,000 ball agus a mhaoinítear trí dhleachtanna a bhailiú as an úsáid dhlisteanach a bhaintear as ceol cruthaitheoirí sa phobal. Tugann IMRO ceadúnais d’úsáideoirí ceoil chun saothair atá faoi chóipcheart a úsáid, mar shampla gnólachtaí, ionaid tionóil, craoltóirí agus ardáin ar líne, ar tháille aonair. Is eagraíocht neamhbhrabúis é IMRO, rud a fhágann go ndáiltear dleachtanna na n-úsáideoirí ceoil ar a bhaill tar éis na costais oibríochtúla a íoc.

Thug IMRO faoi ghníomhaíochtaí tuairiscithe i réimse an tsáraithe ar chóipcheart ceoil agus liricí ó 2015 i leith, agus i measc an tsaineolais inmheánaigh atá aige, tá eolas ar dhlí an chóipchirt, ionaid díolacháin cheadúnaithe agus úsáid teicneolaíochta braite saincheaptha. Anuas air sin, tá líonra leathan de bhreis is 35,000 ball ag IMRO, atá gníomhach ó thaobh úsáid mhídhleathach a gcuid saothair atá faoi chóipcheart a thuairisciú do IMRO. Lorg IMRO stádas mar Chomharthóir Iontaofa chun a chuid ball a chosaint a thuilleadh nuair a líomhnaítear sárú ar chóipcheart ar ardáin ar líne.

Tá comhpháirtíocht ag IMRO le seirbhís teicneolaíochta faisnéise agus réiteach ábhair atá bunaithe ar shonraí a bhraitheann ábhar faoi chóipcheart ar líne. Chomh maith leis sin, bíonn IMRO ag obair i gcomhar

le hardán den chineál céanna, a dearadh chun an ceol a chosaint sa spás digiteach agus IS, ar spás é sin atá i luathchéimeanna a fhorbartha faoi láthair.

## Measúnú ar an iarratas

Rinneadh measúnú ar an iarratas a chuir IMRO isteach chun a chinneadh ar chomhlíon sé na coinníollacha le go mbronnfaí stádas mar Chomharthóir Iontaofa air. Rinneadh an measúnú de réir na dtreoirlínte atá leagtha amach sa Treoirdhoiciméad do Chomharthóirí Iontaofa de chuid an Choimisiúin ('**An Treoir**'). Forbraíodh creat láidir measúnaithe mar bhonn taca faoin measúnú chun tacú leis an athbhreithniú ar iarratais ar stádas mar Chomharthóir Iontaofa. Cuireann an Treoir comhlachtaí leasmhara ar an eolas faoi phróiseas measúnaithe agus cinnteoireachta an Choimisiúin chun a chinneadh an gcomhlíonann iarratasóir na coinníollacha chun stádas mar Chomharthóir Iontaofa a bhaint amach. I dteannta a chéile, tacaíonn an Treoir agus an creat measúnaithe le cinnteoireacht fhianaisebhunaithe, thrédhearcach, chomhsheasmhach agus chomhréireach ag an gCoimisiún i bhfeidhmiú a fheidhmeanna reachtúla maidir le hAirteagal 22.

Sna rannáin seo a leanas, tugtar breac-chuntas ardleibhéil ar phríomhghnéithe an iarratais agus ar an bhfianaise a ndearna an Coimisiún anailís uirthi le linn an phróisis measúnaithe chun teacht ar a chinneadh stádas mar Chomharthóir Iontaofa a bhronnadh ar IMRO.

## Saineolas agus inniúlacht

Ceanglaítear leis an gcoinníoll seo go bhfuil an saineolas agus an cumas iomchuí ag an Iarratasóir chun críche ábhar mídhleathach a bhrath, a shainaithint agus a fhógairt.

Is é sárú cóipchirt réimse saineolais an Iarratasóra, agus béim ar leith ar chóipcheart ceoil agus liricí. Leis an bhfianaise a cuireadh isteach, léirítear eolas agus taithí phraiticiúil sheanbhunaithe IMRO ar úsáid ceoil gan chead a shainaithint ar fud réimse leathan suíomhanna gréasáin agus ardán ar líne.

An fhoireann a bhfuil freagracht uirthi as measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar sháruithe maíte ar chóipcheart, tá taithí aici, tá na hacmhainní cearta ar fáil di, agus tá na hinniúlachtaí teicneolaíochta agus gairmiúla riachtanacha aici chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí an Chomharthóra Iontaofa. I measc na n-acmhainní atá aici, tá: rochtain ar bhunachair sonraí IMRO, bogearraí braite saincheaptha, agus córais tuairiscithe na mball, agus an-chuid saineolais ar chúrsaí dlí agus tionscail maidir le forfheidhmiú cóipchirt mar thaca aici.

Léirigh an tIarratasóir go bhfuil leibhéil an tsoláthair foirne agus na modhanna tuairiscithe laistigh den fhoireann oiriúnach chun fógraí a chur isteach.  Measann an Coimisiún, bunaithe ar an bhfianaise a tugadh, go bhfuil dóthain saineolais agus acmhainní ag IMRO chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí an Chomharthóra Iontaofa ar bhealach éifeachtúil agus ábalta.

## Neamhspleáchas

Leis an gcoinníoll seo, ceanglaítear go bhfuil an tIarratasóir neamhspleách ina chinnteoireacht, lena n-áirítear ó thaobh airgeadais de, ar sholáthraithe ardán ar líne.

Díríodh sa mheasúnú ar na gnéithe a leanas:

- cibé an bhfuil aon leasanna nó rannpháirtíocht le hardáin ar líne i ndáil le gach ball foirne atá páirteach i ngníomhaíochtaí an Chomharthóra Iontaofa, poist stiúrthóireachta, bearta i

bhfeidhm chun neamhspleáchas ar ardáin ar líne a chinntiú (**Neamhspleáchas Eagraíochtúil**)

- socruithe maoinithe atá i bhfeidhm agus cibé an bhfuil siad sin neamhspleách ar ardáin ar líne (**Neamhspleáchas Airgeadais**).

**Neamhspleáchas Eagraíochtúil:**

Léirigh an tIarratasóir go bhfuil dóthain cosaintí aige chun neamhspleáchas eagraíochtúil a chinntiú, bunaithe ar an iarratas agus ar an eolas breise a tugadh. Tá Beartas láidir Coinbhleachta Leasa agus tiomantas na bhfostaithe mar bhonn taca faoi sin, lena ndearbhaítear go n-oibreoidh feidhm an Chomharthóra Iontaofa gan tionchar míchuí ó thríú páirtithe, lena n-áirítear ardáin ar líne.

Measann an Coimisiún go mbeidh gach cinneadh a bhaineann le gníomhaíochtaí an Chomharthóra Iontaofa faoi stiúir na foirne tiomnaithe, a oibreoidh go neamhspleách ón mBord Stiúrthóirí agus gan teagmháil leis na hardáin ar líne le linn na tréimhse bronnta.

**Neamhspleáchas Airgeadais:**

Léirigh an tIarratasóir freisin go bhfuil neamhspleáchas airgeadais aige mar eagraíocht neamhbhrabúis. Tá samhail maoinithe thrédhearcach agus tiomantas soiléir don chuntasacht mar bhonn faoi sin. Chun tacú leis sin, chuir an tIarratasóir a Thuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Airgeadais isteach, ina bhfuil réamhaisnéisí agus meastacháin a léiríonn cumas IMRO a bheith neamhspleách. Bhí an tIarratasóir oscailte freisin agus eolas breise á thabhairt maidir lena shocrúcháin ceadúnaithe tráchtála agus a chuid foinsí maoinithe.

## Díograiseach, Cruinn, Neamhchlaonta

Is é a cheanglaítear sa choinníoll seo go dtugann an tIarratasóir faoina ghníomhaíochtaí tuairiscithe go díograiseach, go cruinn agus go neamhchlaonta.

Díríodh sa mheasúnú ar mhodheolaíochtaí, acmhainní agus teicneolaíochtaí a thacaíonn le gníomhaíochtaí an Chomharthóra Iontaofa a dhéanamh. Meastar go bhfuil modheolaíocht láidir ag an Iarratasóir i dtaca leis na sáruithe cóipchirt a bhrath, a shainaithint agus a dhearbhú, bunaithe ar an eolas a tugadh.

Léiríonn nósanna imeachta IMRO tiomantas agus cruinneas trí theicneolaíochtaí cruthaithe a úsáid, agus trí bhearta a chuimsiú chun earráidí féideartha a laghdú agus aghaidh a thabhairt orthu. Tugtar tuilleadh tacaíochta don phróiseas le córais déanta gearán agus leasuithe atá dea-shainithe, agus iad leagtha amach go soiléir ag an Iarratasóir. Tabharfar faoi dhearbhú na sáruithe a líomhnaítear trí theicneolaíocht bhraite shaincheaptha a úsáid agus trí athbhreithniú daonna araon, ar mhaithe le cruinneas a chinntiú. Déanfar tuairiscí a chuireann baill IMRO faoina bhráid a phróiseáil i gcomhréir le critéir chuspóra agus beidh gach gníomh faoi stiúir na bprótacal inmheánach réamhshainithe, chun an chothroime agus an neamhchlaontacht a chinntiú i rith ghníomhaíochtaí an Chomharthóra Iontaofa.

Measann an Coimisiún gur leor na bearta a chuir an tIarratasóir i bhfeidhm chun próiseas díograiseach cruinn neamhchlaonta a chinntiú le maoirseacht agus cuntasacht chuí.